**Leasú 308**
**Norbert Lins**
thar ceann an Choiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

**Tuarascáil** **A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialachán**
**Airteagal 6 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Admhóidh an t-údarás inniúil don iarrthóir ***gan moill mhíchuí*** go bhfuair siad an iarraidh ar fhíorú, agus an dáta a bhfuarthas í á shonrú. Cuirfidh sé an iarraidh ar fáil do na Ballstáit eile agus don Choimisiún ***gan moill mhíchuí***. | 4. Admhóidh an t-údarás inniúil don iarrthóir ***laistigh de 10 lá oibre*** go bhfuair siad an iarraidh ar fhíorú, agus an dáta a bhfuarthas í á shonrú. Cuirfidh sé an iarraidh ar fáil do na Ballstáit eile agus don Choimisiún ***laistigh de 10 lá oibre***. |

Or. en

**Leasú 309**
**Norbert Lins**
thar ceann an Choiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

**Tuarascáil A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialachán**
**Airteagal 6 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Mura mbeidh san iarraidh ar fhíorú an fhaisnéis uile is gá, dearbhóidh an t-údarás inniúil í a bheith neamh-inghlactha laistigh de 30 lá oibre ó dháta faighte iarrata ar fhíorú. Cuirfidh an t-údarás inniúil an t-iarrthóir, na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas ***gan moill mhíchuí*** faoi neamh-inghlacthacht na hiarrata ar fhíorú agus soláthróidh na cúiseanna lena chinneadh. | 5. Mura mbeidh san iarraidh ar fhíorú an fhaisnéis uile is gá, dearbhóidh an t-údarás inniúil í a bheith neamh-inghlactha laistigh de 30 lá oibre ó dháta faighte iarrata ar fhíorú. Cuirfidh an t-údarás inniúil an t-iarrthóir, na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas ***laistigh de 10 lá oibre*** faoi neamh-inghlacthacht na hiarrata ar fhíorú agus soláthróidh na cúiseanna lena chinneadh. |

Or. en

**Leasú 310**
**Norbert Lins**
thar ceann an Choiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

**Tuarascáil** **A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialachán**
**Airteagal 6 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Mura measfar an iarraidh ar fhíorú a bheith neamh-inghlactha i gcomhréir le mír 5, fíoróidh an t-údarás inniúil cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an planda TGN na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus ullmhóidh tuarascáil fíorúcháin laistigh de 30 lá oibre ó dháta faighte iarrata ar fhíorú. Cuirfidh an t-údarás inniúil an tuarascáil fíorúcháin ar fáil do na Ballstáit eile agus don Choimisiún gan moill mhíchuí. | 6. Mura measfar an iarraidh ar fhíorú a bheith neamh-inghlactha i gcomhréir le mír 5, fíoróidh an t-údarás inniúil ***náisiúnta*** cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an planda TGN na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus ullmhóidh tuarascáil fíorúcháin laistigh de 30 lá oibre ó dháta faighte iarrata ar fhíorú. Cuirfidh an t-údarás inniúil ***náisiúnta*** an tuarascáil fíorúcháin ar fáil do na Ballstáit eile agus don Choimisiún gan moill mhíchuí. |

Or. en

**Leasú 311**
**Norbert Lins**
thar ceann an Choiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

**Tuarascáil** **A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha (COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialachán**
**Airteagal 6 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. In éagmais aon ***bharúil*** ó Bhallstát ná ón gCoimisiún, ***laistigh de 10 lá oibre ó dháta dhul in éag an*** sprioc-ama dá dtagraítear i mír 7, déanfaidh an t-údarás inniúil a d'ullmhaigh an tuarascáil fíorúcháin cinneadh lena ndearbhófar cé acu is planda TGN de chatagóir 1 é an planda TGN nó nach é. Tarchuirfidh ***sé*** an cinneadh ***gan moill mhíchuí*** chuig an iarrthóir, chuig na Ballstáit eile agus ***chuig*** an gCoimisiún. | 8. In éagmais aon a***góidí eolaíocha réasúnaithe*** ó Bhallstát ná ón gCoimisiún, laistigh den sprioc-ama dá dtagraítear i mír 7, déanfaidh an t-údarás inniúil ***náisiúnta*** a d'ullmhaigh an tuarascáil fíorúcháin cinneadh lena ndearbhófar cé acu is planda TGN de chatagóir 1 é an planda TGN nó nach é. Tarchuirfidh ***an t-údarás inniúil náisiúnta*** an cinneadh ***laistigh de 10 lá oibre*** chuig an iarrthóir, chuig na Ballstáit eile agus chuig an gCoimisiún. |

Or. en

31.1.2024 A9-0014/312

**Leasú 312**
**Norbert Lins**
thar ceann an Choiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

**Tuarascáil** **A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialachán**
**Airteagal 6 – mír 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 10. ***Déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis*** an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (‘an tÚdarás’)***, dréachtchinneadh a ullmhú*** lena ***ndearbhófar cé acu is planda TGN de chatagóir 1 é an planda TGN nó nach é*** laistigh de 45 lá oibre ó dháta faighte ***na barúla (na mbarúlacha), agus an méid is deireanaí atá luaite á chur san áireamh. Glacfar*** an cinneadh ***i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 28(2)***. | 10. ***I gcás ina ndearnadh agóidí eolaíocha réasúnaithe, iarrfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta ar*** an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (‘an tÚdarás’) ***tuairim eolaíoch a thabhairt maidir leis an tuarascáil fíorúcháin***. ***Eiseoidh*** an ***tÚdarás a thuairim eolaíoch faoin tuarascáil fíorúcháin laistigh de 30 lá ó dháta faighte na tuarascála sin***. ***Glacfaidh an t-údarás inniúil*** cinneadh ***bunaithe ar thuairim eolaíoch an Údaráis*** laistigh de ***20*** lá oibre ón dáta a bhfaighfear ***an tuairim sin***. ***Tarchuirfidh an t-údarás inniúil*** an cinneadh ***gan moill mhíchuí chuig an iarrthóir, chuig na Ballstáit eile agus chuig an gCoimisiún***. |

Or. en

**Leasú 313**
**Norbert Lins**
thar ceann an Choiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

**Tuarascáil** **A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialachán**
**Airteagal 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 7a*** |
| | ***Plandaí de thoradh crosphórú mar is gnáth idir dhá phlanda TGN de chatagóir 1*** |
| | ***Planda atá de thoradh crosphórú mar is gnáth idir dhá phlanda fíoraithe TGN de chatagóir 1 agus ina gcoinnítear na modhnuithe a tugadh isteach, ní mheastar gur planda TGN nua é agus coinneoidh sé a stádas mar phlanda TGN de Chatagóir 1 go huathoibríoch.*** |

Or. en

**Leasú 314**
**Norbert Lins**
thar ceann an Choiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

**Tuarascáil A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialachán**
**Airteagal 10 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Beidh toirmeasc ar tháirgí tomhaltais a lipéadú mar tháirgí ina bhfuil táirgí TGN nó a forbraíodh trí úsáid a bhaint as TGN. Thairis sin, beidh toirmeasc ar úsáid a bhaint as 'lipéadú diúltach', is é sin, táirgí a lipéadú mar tháirgí nach bhfuil TGN iontu nó nár forbraíodh trí úsáid a bhaint as TGN.*** |

Or. en